

**FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS (FTO/ERC)  
FOLÚNTAS DO CHOMHALTA TAIGHDE LÁN-AIMSEARHA –  
TRIALACHA AGUS AND MEASÚNUI THE MÓR-SCÁLA (BUAN)**

**Cúlra**

Bunaíodh an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) mar Chomhlacht Reachtúil i gcomhréir leis an Acht Oideachais (1998) i mí Mheán Fómhair 2015, ach bhí sé ann ó mhí Eanáir 1966. Tá déchúram aige trialacha agus tacaíochtaí a sholáthar do na tástálacha seo do scoileanna mar aon le taighde oideachasúil agus staidéir mheastóireachta a dhéanamh. Is féidir an clár oibre a roinnt ina seacht snáithe (le tuilleadh eolais ar fáil ag [www.erc.ie](http://www.erc.ie)):

1. Maoirseacht, seachadadh agus tuairisciú náisiúnta ar mheasúnuithe idirnáisiúnta ar mhórsála
2. Bainistíocht, maoirseacht agus tuairisciú ar mheasúnuithe náisiúnta ar mhórsála
3. Cur le polasaí ar, agus meastóireacht a dhéanamh maidir le, míbhuntáiste oideachais
4. Trialacha a fhorbairt, a chaighdeánú agus a thacú (i bhformáidí páipéir agus ar líne araon)
5. Meastóireacht cláir
6. Tacaíocht don anailís ar shonraí
7. Taighde a tionscnaítear go neamhspleách.

Tá príomhfhoirgneamh an FTO lonnaithe ar Champas Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), Campas Choláiste Phádraig, i nDroim Conrach agus tá Rannóg na dTrialacha in aice láimhe ar Bhóthar Richmond, Droim Conrach. Fostaíonn an FTO thart ar 38 ball foirne a bhíonn ag obair le chéile i mbuíonta beaga comhoibrithe. Tá foireann riaracháin agus foireann bainistíochta sinsearaí an FTO ann chun tacú leis an obair, comhdhéanta den Phríomhfheidhmeannach, taighdeoirí sinsearach agus an riarthóir sinsearach. Bíonn an FTO i dteagmháil le rannóga éagsúla den Roinn Oideachais agus é i mbun a thionscadail taighde, agus bítear páirteach i raon coistí tionscadail, comhairleacha agus stiúrtha, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

**Sonraíocht Poist**

Tá folúntas ag an FTO anois do Chomhalta Taighde buan. Áirítear mar chuid de phríomhghnéithe an róil shinsearaigh taighde agus bainistíochta seo:

- Treoir agus maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt trialacha ar líne agus páipéar-bhunaithe, ar chaighdeánú agus ar chlár tacaíochta oibre an Fhorais,
- Ceannasaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus d'fheidhmiú treochlár agus straitéis mheasúnaithe an Fhorais, lena n-áireofar comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus obair fhorbartha ar mhodhanna ar líne agus ar pháipéar-bhunaithe araon,
- Ceann de staidéir mheasúnaithe / mheastóireachta mór-scála an Fhorais a threorú agus a mhaoirsiú,
- Bheith ar Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí an Fhorais,
- Maoirsiú agus meantóireacht ar fhoirne taighde, agus a bheith i dteagmháil leis an bhfoireann riaracháin, ag gach céim den obair (dearadh, forbairt, soláthar, anailís, tuairisciú),
- Bainistíocht tionscadail, riosca agus buiséid ar thionscadail sannta a mhaoirsiú,
- Páirt a ghlacadh i gcoistí nó i ngrúpaí comhairleacha nó stiúrtha de réir mar a bhaineann le hobair an Fhorais,

- Caidrimh chomhoibritheacha agus straitéiseacha a chothabháil agus a chothú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta,
- Cur le forbairt straitéiseach fhoriomlán an Fhorais.

#### **Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an róil:**

- Cláir oibre a fhorbairt agus a mhaoirsiú d'fhorbairt trialacha, do chaighdeánú agus do thacaíochtaí, ar pháipéar agus ar líne araon
- Tionscadail ar mhórsála a mhaoirsiú agus foirne beaga taighde/tionscadail a bhainistiú,
- Taighde a ghiniúint, obair thaighde agus torthaí clár a fhoilsiú agus a chur i láthair raon pobal
- Straitéisí a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mhonatóireacht laistigh dá s(h)ruthanna oibre féin chun tacú le Plean Straitéiseach an FTO
- A bheith i dteagmháil agus ag comhoibriú go héifeachtach leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí chun réitigh agus straitéisí eagraíochtúla a aithint, agus chun roghanna eile a iniúchadh más cuí,
- Mar chuid den Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, comhairle a thabhairt ar chuspóirí eagraíochtúla agus cuidiú le hábhair inmheánacha (m.sh. pleanáil tionscadail, soláthar foirne) de réir mar is cuí,
- Cláir oiliúna, cóitseála agus meantóireachta ábhartha a bhunú agus a bhainistiú dóibh siúd a bhfuil maoirsiú á dhéanamh orthu,
- Geallsealbhóirí a bhainistiú agus caidrimh sheachtracha éifeachtacha a bhunú/a chothabháil de réir mar a éilíonn an fheidhm,
- Dearbhú cáilíochta, riosca, rialachais sonraí agus gnéithe phróiseáil sonraí de na sruthanna oibre a mheasúnú, a mhonatóireacht agus a athbhreithniú go criticiúil,
- Comhlíonadh rialachais a chinntiú ar gach leibhéal tionscadail, agus
- Buiséid tionscadail a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a athbhreithniú go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Déanfar an t-iarrthóir rathúil a ghríosadh le páirt a ghlacadh in oiliúint agus in uasoiliúint chun leibhéil eolais agus saineolais a chothabháil agus a fheabhsú.

**Tabhair aird:** Tá an tsonraíocht poist seo beartaithe mar threoir bhunúsach do raon feidhme agus do fhreagrachtaí an phoist. Tá sé faoi réir athbhreithnithe leanúnaigh a eascróidh de réir chleachtas agus feidhmeanna an FTO atá ag síorathrú.

#### **Nuair a bhíonn na dualgais thuas á gcomhlíonadh acu, beidh ar chumas iarrthóirí a léiriú gur féidir leis/léi:**

- Cur go gníomhach le straitéisí an FTO a fhorbairt,
- Éifeachtacht na dtorthaí i dtéarmaí níos leithne ná a g(h)aréimse féin a mheas,
- Deiseanna a aithint agus a thapú chun leas a bhaint as dearcthaí, teicneolaíochtaí agus modheolaíochtaí nua agus nuálaíocha,
- Ceisteanna casta a thuiscint go tapa, sonraí á ghlacadh agus á mheas go cruinn,
- Snáitheanna éagsúla eolais a chomhtháthú, idirghaoil agus idirspiléachais á n-aithint,
- Breithiúnas a úsáid chun cinntí soiléire, tráthúla agus dea-bhunaithe a dhéanamh ar shaincheisteanna tábhachtacha,
- Obair a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta maidir le tábhacht, scálaí ama agus srianta eile ar acmhainní, ag atheagrú na dtosaíochta arís i bhfianaise cúinsí athraitheacha,
- A dheimhniú go bhfuil cáilíocht agus cruinneas lárnach san obair,

- Ceisteanna a iniúchadh go criticiúil le breathnú conas mar is féidir iad a fheabhsú,
- Fáiltiú roimh thuairimí, tionscnaimh, agus réitigh chruthaitheacha nua ar fhadhbanna,
- Eolas a chur i láthair go muiníneach, loighiciúil agus go diongbháilte, ó bhéal agus i scríbhinn,
- Díospóireachtaí oscailte agus cuiditheacha a spreagadh maidir le ceisteanna oibre,
- Líonra teagmhálacha a fhorbairt agus a chothabháil chun réiteach fadhbanna nó comhroinnt eolais a éascú,
- Baill foirne a bhainistiú go héifeachtach agus riachtanais an Fhorais á gcur san áireamh agus dul i ngleic le saincheisteanna a eascraíonn (leithdháileadh foirne, feidhmíocht srl).

### Riachtanais Éigeantacha

Caithfidh an t-iarratasóir rathúil **gach ceann** de na riachtanais seo a shásamh:

- incháilitheacht chun obair go lánaimseartha in Éirinn;
- dochtúireacht taighde in oideachas, measúnú, síciméadracht, nó disciplín gaolmhar,
- taithí 5 bliana ar a laghad i réimse an taighde oideachais agus/nó an mheasúnaithe,
- taithí 3 bliana ar a laghad i **dtrí cinn**, ach b'fhéarr **gach ceann** díobh seo:
  - (a) trialacha a fhorbairt le húsáid i suíomhanna oideachais bunscoile agus/no iar-bhunscoile
  - (b) anailís ar thástáil chlasaiceach
  - (c) scálú ar theoiric mhírfhreagartha (IRT)
  - (d) staidéir ar chaighdeánú tástála agus/nó measúnuithe ar mhórsála a dheardh agus a chur i bhfeidhm (forbairt creata, forbairt suirbhéanna, sampláil, riarachán, dearbhú cáilíochta, obair allamuigh)
  - (e) anailís agus tuairisciú ar mheasúnaithe mórsála (meáchain samplála a chur i bhfeidhm, anailís dhé-athráideach agus ilathráideach, tuarascálacha a dhréachtú, torthaí a chur in iúl/a scaipeadh)
- tuiscint agus taithí léirithe ar bhainistíocht tionscadal (lena n-áirítear maoirsiú foirne, bainistíocht buiséid agus riosca),
- eolas agus taithí léirithe ar mhodhanna staidrimh ábhartha (m.sh. samhltú illeibhéil, scálú),
- eolas ar mheastóireacht clár,
- foilseacháin i ngné ábhartha den oideachas,
- tuiscint léirithe ar chastachtaí an ghaoil idir taighde agus polasaí,
- tuiscint léirithe ar úsáidí trialacha caighdeánacha i scoileanna agus na saincheisteanna polasaí ábhartha i gcomhthéacs na hÉireann,
- eolas ar an litríocht idirnáisiúnta ar ghnéithe ábhartha de mheasúnú oideachais agus/nó forbairt tástála,
- an cumas taighde a ghiniúint,
- inniúlacht chruthaithe i gceannaireacht foirne,
- cur amach ar rialachas na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear soláthar,
- sár-scileanna cumarsáide scríofa agus labhartha go háirithe maidir le tuarascálacha a scríobh.

I measc na gcáilíochtaí pearsanta éigeantacha don ról áirítear tiomantas, foighne, ionbhá, an cumas éilimh dhúshlánacha agus tosaíochtaí a bhíonn in iomaíocht le chéile a láimhseáil, agus cur chuige oscailte agus solúbtha maidir le fadhbanna a réiteach.

*Beidh ardchumas Gaeilge labhartha agus scríofa mar bhuntáiste.*

Caithfidh iarrthóirí a léiriú, trí thagairt a dhéanamh d'éachtaí ar leith ina ngairm go dtí seo, go bhfuil na cáilíochtaí, na scileanna agus an t-eolas acu atá riachtanach do ról an Chomhalta Taighde mar atá luaite sna 'Riachtanais Éigeantacha' thuas.

*Déanfar an ceapachán go buan faoi réir tréimhse promhaidh 12-mhí a bheith comhlíonta go sásúil.*

*D'fhéadfadh go gcruthófaí painéal d'iarratsóirí rathúla in ord fiúntais. Rachaidh aon phainéal a bhunófar as feidhm tar éis tréimhse 12 mhí ó spriocdháta na n-iarratas (mura gcuirtear síneadh 6 mhí eile leis) nó nuair a bhíonn deireadh tagtha leis an líon ar an bpainéal, cibé is túsce.*

### **Scála Tuarastail**

Déanfar an ceapachán ar scála an Chomhalta Taighde (**€67,687 – €99,826**, ag Meán Fómhair 2020) chuig an Earnáil Phoiblí ag pointe atá de réir Pholasaí Pá reatha an Rialtais, agus iontrálaithe nua ag tosú ag an gcéad phointe den scála.

D'fhéadfadh go mbeadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla i gceist má tharlaíonn, díreach roimh an gceapachán, go mbíonn an t-iarratasóir rathúil ag feidhmiú mar státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí.

### **Pinsean**

Déanfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí, mar a bhí i réim san FTO ag am an cheapacháin, a ograíl don iarrthóir rathúil. Ar an iomlán, agus seachas iarrthóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin sa tseirbhís phoiblí (téarmaí neamh-aonair) don 26 seachtain roimh cheapachán, ciallaíonn sé sin ballraíocht i Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”). Sa chás deireanach, áfach, d'fhéadfadh go mbeadh roinnt eisceachtaí i gceist.

### **Láthair Oibre**

Beidh an ceapaí don ról seo lonnaithe i bPríomhoifig an FTO, i nDroim Conrach nó ina Rannóg Tástála ar Bhóthar Richmond, Droim Conrach. Nuair a bhíonn an ceapaí as láthair ón mbaile agus ón láthair oibre ar dhualgas oifigiúil, íocfar costais taistil agus liúntais chothaithe cuí leis an gceapaí, de réir ghnáthrialacháin na státseirbhíse / na hearnála poiblí.

Faoi láthair agus de réir threoir sláinte poiblí agus plean freagartha COVID 19 an FTO, tá polasaí cianoibre á fheidhmiú ag an FTO.

### **Tionacht**

I gcás cheapacháin chuig post buan nó sealadach leis an FTO beidh tréimhse phromhaidh ag an gceapaí, a mhairfidh dhá mhí déag de ghnáth. Má tharlaíonn ag am ar bith le linn na tréimhse seo nach mbíonn an ceapaí oiriúnach do cheapachán deiridh cuirfear críoch leis an bpromhadh.

### **Uaireanta oibre**

Ní bheidh na huaireanta oibre níos lú ná 37 uair an chloig glan in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an gceapaí pé uaireanta breise a oibriú ó am go ham a bheidh réasúnach agus riachtanach chun a d(h)ualgais a chomhlíonadh go cuí faoi réir na dteorainneacha mar atá sna rialacháin ama oibre.

### **Conas Iarratas a Dhéanamh**

Ní ghlacfar ach le hiarratais a chuirfear isteach go leictreonach.

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an spriocdháta. **IS É AN T-AM DÚNTA AGUS AN DÁTA D'IARRATAIS NÁ: 5.00 PM, DÉ HAoine, 4 Nollaig 2020.**

Caithfear iad seo a bheith leis an iarratas:

- Litir chlúdaigh a léiríonn an tslí ina sásaíonn scileanna agus taithí an iarratasóra riachtanais an phoist
- Curaclam Vitae
- Ainmneacha agus sonraí teagmhála beirt mholtóirí.

Is cóir an t-iarratas comhlánaithe a chur chuig: [vacancies@erc.ie](mailto:vacancies@erc.ie), agus ‘Post an Chomhalta Taighde’ a lua i gceannteideal an ábhair.

*Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d’iarratas chuig [vacancies@erc.ie](mailto:vacancies@erc.ie) laistigh de 24 uair an chloig ón uair a dhéantar an t-iarratas, déan teagmháil le Patricia Gaffney ag [patricia.gaffney@erc.ie](mailto:patricia.gaffney@erc.ie).*

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 arna leasú, pléifear faoi rún le hiarratais.

Eiseofar nuashonruithe feachtais chuig an seoladh ríomhphoist a sholáthraítear le d’iarratas.

Tá sé de dhualgas ar gach iarratasóir a chinntiú go bhfuil gach cumarsáid á fháil acu ón FTO. Moltar duit do ríomhphoist a sheiceáil go rialta le linn tréimhse an chomórtais. Mar aon leis sin, is cóir d’iarrthóirí na fillteáin bruscair/turscair a sheiceáil ar eagla go ndéantar aon ríomhphoist a scagadh trí thimpiste. Ní bheidh aon fhreagracht ar an FTO maidir le cumarsáid nach n-éiríonn leis an iarrthóir a rochtain nó a fháil.

### **Modhanna Roghnúcháin**

D’fhéadfadh go ndéanfar iarrthóirí a ghearrliostáil sa roghnú bunaithe ar an eolas san iarratas. Déanfaidh Bord Agallaimh saineolaithe na hiarratais a iniúchadh de réir na gcritéar réamhshocraithe bunaithe ar riachtanais an phoist.

Beidh cuireadh chuig agallaimh ag na hiarrthóirí ar an ngearrliosta agus tarlóidh siad seo thart ar dhá sheachtain tar éis spriocdháta na n-iarratas. Eiseofar fógra faoi dháta agus am an agallaimh chuig na hiarrthóirí ar an seoladh ríomhphoist a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm iarratais.

Is cóir d’iarrthóirí a bheith ar fáil ar an dáta/na dátaí a bhíonn luaite ag an FTO agus is cóir a chinntiú go mbíonn na sonraí teagmhála a thugtar ar a n-iarratas ceart.

Ní bheidh iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó ar thriail eile nuair a iarrann an FTO a leithéid, nó nach soláthraíonn cibé eolas eile ar aon ábhar a éilíonn an FTO maidir lena n-iarrthóireacht i dteideal aon bhreithniú breise.

Coimeádann an FTO an ceart aige féin agallaimh a dhéanamh ar líne go cianda nó duine le duine de réir mar is gá, agus a éileamh ar iarrthóirí freastal ar an dara hagallamh agus / nó measúnú scríofa gairid a dhéanamh i ndiaidh an chéad agallaimh.

Tabharfar an post don iarrthóir a roghnaítear faoi réir tagairtí sásúla ó mholtóirí. Ní rachfar i dteagmháil le moltóirí gan cead a bheith faighte roimh ré ón iarrthóir.

Ag eascairt as an gcomórtas seo, féadfaidh an FTO painéal a chruthú óna bhféadfar folúntais Comhalta Taighde a líonadh sa todhchaí. Má chruthaítear painéal, coimeádann an FTO an ceart nach ndéanfar ach líon áirithe a chur ar an bpainéal sin. Ní deimhniú ar cheapachán poist é má bhítear cáilithe agus curtha ar an bpainéal. Ní bheidh aon cheart ar phost ag iarrthóirí nach gceapfar ar dhul in éag don phainéal toisc go rabhadar ar an bpainéal.

Nuair a ghlacfaidh agus / nó má dhiúltaíonn iarrthóir do thairiscint ceapacháin, ní leanfaidh an t-iarrthóir ar an bpainéal agus féadfaidh an FTO duine eile a roghnú bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin. Cuirfear sonraí breise ar fáil do na hiarrthóirí rathúla.

### **Eolas Tábhachtach Eile**

Ní bheidh an FTO freagrach as aon chostais a bhíonn ar iarrthóirí.

Ní hionann duine a ligean isteach i gcomórtas, nó cuireadh chun agallaimh a thabhairt do dhuine, nó toradh rathúil a fhógairt, agus a thabhairt le fios go bhfuil an FTO sásta go sásaíonn a leithéid de dhuine riachtanais nó nach bhfuil sé dícháilithe de réir dlí don phost agus níl ráthaíocht ann go leanfar le d'iarratas a chur san áireamh. Tá sé tábhachtach d'iarrthóirí, dá réir sin, a bheith san airdeall go sásaíonn siad riachtanais incháilitheachta an chomórtais sula bhfreastalaíonn siad ar agallaimh. Mura gcomhlíontar bunriachtanais iontrála, ach go bhfreastalaíonn iarratasóirí mar sin féin ar agallamh, d'fhéadfaí costas neamhriachtanach a bheith curtha amú aige nó aici.

Sula ndéantar iarrthóir a mholadh don cheapachán sa phost seo, fiosróidh an FTO gach ní a shíltear a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a dheimhniú. Go dtí go mbíonn gach céim den phróiseas earcaíochta críochnaithe go hiomlán, ní bheidh sé indéanta cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ná ní bheifear ábalta a mheas ná a thuiscint go ndearnadh cinneadh dá leithéid.

Má dhiúltaíonn an duine a mholtar don phost, nó tar éis glacadh leis go scoiltear leis, agus má thagann folúntas breise chun cinn, féadfaidh an Bord Agallaimh, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le haghaidh ceapacháin ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Léiríonn a bhfuil thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé i gceist gur liosta cuimsitheach é de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir a bheidh sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil.

#### **Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003; RGCS (GDPR) 2018**

Nuair a fhaightear foirm iarratais iarrthóra, cruthóidh an ERC taifead in ainm an iarrthóra, ina mbeidh cuid mhaith den eolas phearsanta a sholáthraítear. Is do phróiseáil an iarratais amháin a úsáidfeadh an taifead pearsanta seo agus má éiríonn leis an iarrthóir coimeádfar eolas áirithe don tréimhse amach anseo. Tá a leithéid d'eolas faoi réir chearta agus oibleagáidí na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), 2018.

Chun éileamh a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003 / RGCS 2018, cuir d'iarratas i scríbhinn chuig an **Oifigeach um Chosaint Sonraí** ag [Data.Protection@erc.ie](mailto:Data.Protection@erc.ie). Bí cinnte go ndéanann tú cur síos chomh mion agus is féidir ar na taifid atá á lorg agat ionas gur féidir na taifid ábhartha a aithint.

**Soláthraíonn an FTO timpeallacht oibre sholúbtha, dhinimiciúil agus dhúshlánach agus is fostóir comhionannais é.**